Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Márta 2024
(OR. en)

7382/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0056(BUD)**

FIN 226

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 |

**IARSCRÍBHINN**

2024/0056 (BUD)

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[1], agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

– glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2024 go cinntitheach an 22 Samhain 2023[2];

– thíolaic an Coimisiún togra, an 29 Feabhra 2024, ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2024;

[1] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[2] IO L, 2024/207, 22.2.2024.

– Ní mór don Chomhairle dul ar aghaidh gan mhoill agus a seasamh maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta na bliana 2024 a ghlacadh, i bhfianaise (a) ainmníocht agus barúlacha buiséadacha a chruthú go práinneach, chomh maith leis na leithreasuithe is gá a chur ar fáil chun freastal ar an tSaoráid don Úcráin agus ar an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar; (b) an ainmníocht bhuiséadach a choigeartú chun an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála a roinnt ina dhá ionstraim ar leith agus an tsuim do gach aon ionstraim a mhéadú; (c) an Ciste Eorpach Cosanta a threisiú; (d) na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas i gcúlchiste an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a laghdú; agus (e) caiteachas tacaíochta an Chláir Dhigitigh Eorpaigh a choigeartú chun an Oifig um Intleacht Shaorga a bhunú. Dá bhrí sin, tá údar cuí le foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

Rinneadh an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 a ghlacadh an 19 Márta 2024.

Tá an téacs iomlán[1] ar fáil le haghaidh comhairliúcháin nó le híoslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/public-register/public-register-search/.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Márta 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

[1] 7432/24 + ADD 1.